OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

SCRÚDUITHE AN tSAMHRAIDH 2005

ARD DIOPLÓMA SAN OIDEACHAS

PÁIPÉAR 2 – ED896

CURACLAM AGUS STAIDÉIR SPEISIALTA

An Bráthair Ó Nualláin
Josephine Boland
An Dr. Máirín Nic Aogáin

Dhá uair an chloig a cheadófar. Moltar duit uair an chloig a chaitheamh ar Roinn A agus uair an chloig ar Roinn B.

Freagair dhá cheist, ceann amháin as Roinn A agus ceann amháin as Roinn B.

Úsáid freagarleabhar ar leith do gach Roinn.

ROINN A: **CURACLAM AGUS MEASÚNÚ (Uair an chloig a mholtar)**

Freagair ceist amháin

Ceist 1

Tá an tAire Oideachais agus Eolaíochta nua ag lorg tuairimí múinteoraí faoi fhorbairt an Teastais Shinsearaigh agus an Teastais Shóisearaigh as seo amach.

Scríobh áiteamh chuig an tAire maidir leis an Teastas Sinsearach **nó** an Teastas Sóisearach. Cé gur chóir tagairt a dhéanamh do na príomh-mholtaí a bhí á léiriú le déanaí i gcaipéisí éagsúla agus ar thaighde ábhartha, tá suim ag an Aire in do thuairim agus in d'eispéireas féin mar mhac léinn oideachais le greim ar teoiricí curaclaim agus measúnachta.

Ceist 2

a) Nuair a phléitear measúnú, luaitear na coincheapanna *bailíocht* agus *iontaofacht* an mheasúnaithe go hiondúil sa dióspoireacht. Conas is féidir *bailíocht* agus *iontaofacht* an mheasúnaithe a chur chun cinn in do chleactadh teagaisc féin? Tabhair treoirlínte agus samplaí cuí.

agus

b) 'Sé ceann d'aidhmeanna an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta *measúnú chun fhoghlama* (nó measúnú múnlaitheach) a chur chun cinn sa seomra ranga. Mínigh an reasúnaíocht taobh thiar den aidhm seo. Roghnaigh ábhar scoile ar leith agus mol dhá theicníc oiriúnacha, le sonraí, chun measúnú chun fhoghlama a chur chun cinn in do seomra ranga.

ROINN B: STAIDÉIR SPEISIALTA (Uair an chloig a mholtar)

MÍ-CHUMAIS FOGHLAMA

Freagair ceist amháin. Déan a) agus b)

Úsáid freagarleabhar ar leith do gach Roinn.

Ceist 3

a) "Is féidir le mic léinn le discléicse a bheith faoi mhíbhuntáiste sa mheánscoil". Ag tagairt don tuiscint atá ann faoi láthair ar dhiscléicse, déan an ráiteas sin a phlé.

agus

b) Cad is féidir le múinteoirí agus scoileanna a dhéanamh le tacaíocht a thabhairt do mhic léinn le discléicse?

nó

Ceist 4

a) Conas is féidir leat mar mhúinteoir cabhrú le mic léinn le deacrachtaí litearthachta.

agus

b) Tabhair gearrchuntas ar an ról a d'fhéadfadh a bheith ag an Múinteoir Tacaíochta Foghlama san obair seo.